Padaí Ó Néill

Padaí Ó Néill

Bhí Padaí Ó Néill sórt bómánta. Shíl achan duine sin. Ní raibh sé ar scoil riamh, agus mar sin de, ní raibh léamh ná scríobh aige. Bhí sé chomh holc sin nach raibh sé in inmhe a ainm féin a scríobh. Nuair a d'fhás sé aníos ní raibh sé ábalta post a fháil mar bhí a bheagán nó a mhórán de léann de dhíth ort le post a fháil. Ba ghnáth leis dul chuig an mhalartán fostaíochta gach Luan, áit a gcuirfeadh sé a mharc in aice lena ainm. Ní raibh post ar bith ann dó.

Bhí go maith agus ní raibh go holc. Maidin Luain amháin chuaigh sé isteach chuig an mhalartán. Dúirt an cléireach ar chúl an chuntair go raibh scéal maith ann dó. Dúirt sé go raibh obair aige dó. Bhí Padaí iontach sásta.

"Beidh ort leithreas a ghlanadh taobh amuigh de Halla na Cathrach, má tá sin maith go leor agat," arsa an cléireach.

"Tá sin i gceart liomsa," arsa Padaí. Bhí sé breá sásta go raibh obair aige sa deireadh.

"Gheobhaidh tú cártaí agus eochracha agus mar sin de i seomra 19 i Halla na Cathrach. Ádh mór ort."

D'imigh Padaí leis a fhad le Halla na Cathrach. Fuair sé a raibh de dhíth air agus shiúil sé trasna an bhealaigh mhóir agus ghlac sé seilbh ar an leithreas. Bhí bród as cuimse ar Phadaí. Ghlan sé an áit ó bhun go barr. Chuir sé tuáillí amach. Bhí gallúnach ar na báisíní agus bhí rollaí leithris go leor ann. Bhí na ballaí ag spréacharnach. Bhí an áit mar bheadh pálás ann, agus bhí Padaí ina rí.

D'obair Padaí go dian an tseachtain sin. Bhí sé breá sásta ach ag an am chéanna bhí sé buartha mar bhí cigire le teacht Dé hAoine.

Tháinig an Aoine agus nocht an cigire i dtrátha a trí. Bhí iontas agus áthas air nuair a chonaic sé chomh crua agus a d'oibrigh Padaí.

“Níl ach rud amháin le déanamh agam,” arsa an cigire. “Caithfidh mé na leabhair a scrúdú.”

“Ní léimse leabhair,” arsa Padaí. “Cad é na leabhair atá i gceist agat?”

“Na leabhair ina bhfuil cuntas ar na rollaí agus na tuáillí a úsáideann tú gach lá,” arsa an cigire.

Bhí náire ar Phadaí. Ní raibh a thios aige cad é a thiocfadh leis a rá.

“Tá brón orm,” arsa Padaí cóir, “níl leabhair den tsórt sin agam. Níl léamh ná scríobh agam.”

D’amharc an cigire air agus dímheas air.

“Bhal, más mar sin atá ní thig leat fanacht anseo. Seo chugat do chuid airgid.”

Thug sé punt agus caoga pingin dó. San am sin ní raibh mórán airgid le fáil ag daoine. Bhí Padaí bocht mar a chonaic Dia é.

Bhí sé ina sheasamh i gCearnóg Dhún na nGall agus ag meabhrú ina chroí istigh nuair a bhuail smaoineamh é. An Aoine a bhí ann agus bhí an margadh oscailte. Chuaigh sé a fhad leis an mhargadh. Cheannaigh sé torthaí agus glasraí agus ar aghaidh leis ar ais chuig a cheantar féin ag bun Bhóthar na bhFál. Fuair sé cóiste beag agus chuaigh sé ó theach go teach. Dhíol sé na glasraí agus na torthaí chomh gasta sin go raibh air dul ar ais go dtí an margadh agus tuilleadh a cheannach. Bhí Padaí breá sásta lena lá oibre. Rinne sé brabús maith agus rinne sé amhlaidh an tseachtain ina dhiaidh sin.

Taobh istigh den mhí d’fhostaigh sé fear le cuidiú leis. Cheannaigh sé leoraí agus d’oscail sé brainsí i nDoire, Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach.

Bhí Padaí anois chomh saibhir sin gur cheannaigh sé teach i mBaile Átha Cliath. Toghadh ina chomhairleoir contae é agus ansin toghadh ina Theachta Dála é. Bhí meas ag daoine anois air. Bhí ainm Phadaí i mbéal an phobail.

Lá amháin bhí sé ag siúl síos Sráid Uí Chonaill nuair a shíl sé go mbeadh lón aige in Óstán an Gresham. Ansin, nuair a chuartaigh sé a phócaí ní raibh airgead ar bith ina phócaí aige. Chuaigh sé a fhad leis an bhanc i Sráid Grafton. Dúirt sé leis an chléireach cérbh é agus go raibh airgead de dhíth air.

“Tá sin maith go leor, a Mhic Uí Néill. Tá aithne agam ort,” arsa an cléireach. Shín sé foirm ionsair.

“Líon sin isteach,” arsa an cléireach. Bhí náire ar Phadaí.

“Tá brón orm,” arsa Padaí, “ach níl léamh ná scríobh agam.”

“Nach iontach sin?” arsa an cléireach. “Smaoinigh anois. Is tú an fear is saibhre in Éirinn. Cá mbeifeá dá mbeadh léamh agus scríobh agat?”

“Tá a fhios agam cá mbeinn dá mbeadh léamh agus scríobh agam. Bheinn ag obair sna leithris i gCearnóg Dhún na nGall i mBéal Feirste!!”

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning